Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0173

Athnuachan pháirteach Chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí - ainmní NL

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meán Fómhair 2025 maidir le Stef Blok a cheapadh mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí (C10-0108/2025 – 2025/0804(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d’Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0108/2025),

– ag féachaint do Riail 133 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0149/2025),

A. de bhrí, i litir dar dáta an 2 Meitheamh 2025, go ndeachaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Stef Blok a ainmniú mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

B. de bhrí go ndearna an Coiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa meastóireacht a ar dhintiúir Stef Blok, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 286(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; de bhrí, mar chuid den mheastóireacht sin, go bhfuair an coiste curriculum vitae ó Stef Blok chomh maith lena chuid freagraí ar an gceistneoir i scríbhinn a cuireadh chuige;

C. de bhrí gur thionóil an coiste sin ina dhiaidh sin éisteacht le Stef Blok an 15 Iúil 2025, ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ina dhiaidh sin ceisteanna ó chomhaltaí an choiste;

1. ag tabhairt tuairim fhabhrach ar an togra ón gComhairle maidir le Stef Blok a cheapadh mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an

gComhairle agus, mar fhaisnéis, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig institiúidí eile an Aontais Eorpaigh agus chuig institiúidí iniúchóireachta na mBallstát.